Léiní, an Gadaí

Séideán Sí



Áine Ní Shioradáin

Peter Donnelly a mhaisigh

An chéad eagrán 2005

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2005

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: Peter Donnelly

Criterion Press a chlóbhuail in Éirinn

An Gúm, 24–27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1

Bhí Áine ag ithe a bricfeasta. ‘Ó, tá sé in am scoile,’ ar sise. ‘Beidh mé deireanach.’

‘Ní raibh mise riamh ar scoil,’ arsa Léiní léi féin.

Léim Léiní isteach i bpóca Áine. Ní fhaca Áine í.

Bhí Léiní an-sásta léi féin.

D’imigh Áine léi síos an bóthar.

Isteach léi sa scoil.

Bhuail ocras Léiní.

Sháigh sí amach a srón. Ní fhaca aon duine í.

Sháigh sí amach a ceann. Ní fhaca aon duine í.

Sháigh sí amach a lapa. Ní fhaca aon duine í.



Chonaic Léiní bosca lóin.
‘Tá ocras orm,’ ar sise.

Ní *fh*aca an múinteoir Léiní.



‘Neam! Neam! Tá an lón seo blasta,’
arsa Léiní agus í ag ithe briosca.

‘*Tá sé in am againn a bheith ag ithe an lóin,*’
arsa an múinteoir.

Is ansin a chonaic an múinteoir Léiní.
Baineadh geit as an múinteoir. Lig sí béic aisti.

‘Tá luch ag ithe mo bhriosca,’ arsa an múinteoir agus léim sí in airde ar an gcathaoir.

Chonaic Áine Léiní ag ithe an bhriosca.

‘Nach tú atá dána,’ arsa Áine le Léiní.
‘D’ith tú lón an mhúinteora.’

‘Is peata liomsa í seo,’ arsa Áine leis an múinteoir. ‘Léiní an t-ainm atá uirthi.’

Ocras a bhí uirthi.

‘Ó, is peata leatsa í,’ arsa an múinteoir agus anuas léi den chathaoir.

Ó, is peata leatsa í.

Chuir Áine Léiní ar ais ina póca.

Rudaí a
Chonaic Mé

Bhuail ocras Léiní.
‘Tá ocras orm,’ ar sise.

An Gúm